



Nóta: Léigh na Nótaí go cúramach roimh chomhlánú na foirme seo duit.

Cuid A

Ainm agus Seoladh (áirigh Eircode)

UPSP

An bhliain chánach a bhfuil
éileamh á dhéanamh agat
ina leith

Stádas Sibhialta (roghnaigh ceann amháin acu seo a leanas)

Singil	<input type="checkbox"/>	Baintreach (Fir) nó Páirtneir Sibhialta Marthanach	<input type="checkbox"/>
Colscartha	<input type="checkbox"/>	Páirtneireacht Shibhialta arna Scaoileadh	<input type="checkbox"/>

Pósta nó i bPáirtneireacht
Shibhialta, ach scartha nó gan
a bheith ina gcónaí le chéile

Sa bhliain ina n-éilítear an creidmheas cánach an bhfuil nó raibh an leanbh ainmnithe
thíos ina chónaí leat ar feadh na bliana ar fad nó an chuid is mó de, is éa sin, os
cionn sé mhí? (féach an chuid sna Nótaí maidir le leanbh a rugadh i rith na bliana.)

Tá / Níl / Níl
Bhí Raibh

I gcás na bliana a bhfuil éileamh á dhéanamh agat ina leith, an bhfuil nó an raibh tú
i do chónaí in éineacht le duine eile mar lánúin, beag beann ar cibé acu
atá nó bhí sibh pósta, i bpáirtneireacht shibhialta nó in bhur gcónaí le chéile?

Tá / Níl / Níl
Bhí Raibh Líon na leanaí cáilitheacha ar tusa an príomhéilitheoir dóibh Sonraigh cineál an ghaoil atá agat leis an leanbh / na leanaí, mar sampla,
Athair, Máthair, Seantuismitheoir, Caomhnóir Dílíthiúil, srl.

Nóta: Caithfidh tú na Coimisinéirí loncain a chur ar an eolas láithreach má athraíonn do chúinsí ag am ar
bith i rith bliain d'éilimh.

Céadainm an Linbh	Sloinne an Linbh	Dáta Breithe an Linbh	UPSP an Linbh	Sonraí oideachais nó teagaisc lánaimseartha an linbh, féach nóta thíos *
		<input type="text"/>	<input type="text"/>	
		<input type="text"/>	<input type="text"/>	
		<input type="text"/>	<input type="text"/>	

* Luaigh ainm agus seoladh na scoile, an choláiste nó áit teagaisc lánaimseartha i ndáil le gach leanbh a ainmnítear thuas. Má tá an leanbh ar éagumas, luaigh nádúr an éagumais.

Sonraí Banc

Más mian leat go n-íocfaí aon aisíocaíocht díreach chuig do chuntas banc, cuir sonraí do chuntais bhainc ar fáil. **Nóta:** Tá sé níos tapúla íocaíocht a fháil go leictreonach ná le seic.

Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)

De ghnáth, tá d'Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Banc (IBAN) agus Cód Aitheantais Banc (BIC) le fáil ar do ráitis chuntais banc. Tá breis eolais ar SEPA le fáil ar **www.revenue.ie**

Ní féidir aisíocaíocht a dhéanamh díreach chuig cuntas banc eachtrach nach bhfuil ina bhall de SEPA.

Uimhir Idirnáisiúnta Chuntais Banc (IBAN) (34 caractar ar a mhéad)**Cód Aitheantais Banc (BIC)** (11 caractar ar a mhéad)

Nóta: Déanfar gach aisíocaíocht ó na Coimisinéirí loncain chuig an gcuntas banc seo as seo amach ach amháin má chuirtear a mhalairt in iúl.

Cuid B

Scaradh leis an gCreidmheas Cúramóra Linbh do Dhuine Singil i bhfabhar Éilitheora eile

Ní cóir duit an chuid seo a chomhlánú **ach amháin** más mian leat scaradh (géilleadh) le do theidlíocht ar an gcreidmheas cánach seo i bhfabhar duine eile (féach an chuid sna Nótaí maidir le scaradh le héileamh), seachas sin, téigh go díreach chuig Cuid C agus sínigh an Dearbhú.

Tuigimse, tar éis domsa scaradh le mo theidlíocht ar an gcreidmheas cánach seo agus tar éis don duine arna (h)ainmniú anseo thíos é a éileamh, go leanfaidh siad ag éileamh go dtí go gcuirim deireadh leis an scaradh. Glacaim leis nach mbeidh feidhm ag m'éileamh CCLDS a thabhairt ar ais dom níos luaithe ná an 1 Eanáir an bhliain tar éis dom é a chealú.

Scaraim leis seo le mo theidlíocht ar an gcreidmheas cánach seo i bhfabhar

Ainm agus seoladh an duine lena bhfuil tú ag scaradh leis an gcreidmheas cánach (áirigh Eircode, más eol)

Sonraigh a UPSP (más eol)

Cuir a d(h)áta breithe in iúl (más eol)

Cuid C - Féach an chuid sna Nótaí maidir le scaradh le héileamh don CCLDS, sula shíníonn tú an Dearbhú. Cuir sa bhosca le dearbhú go bhfuil na Nótaí léite agat.

Dearbhú is gá a shíniú

Dearbhaím go bhfuil nó go raibh an leanbh nó leanaí atá ainmnithe in **Cuid A** ag cónaí liom ar feadh an chuid iomlán nó an chuid is mó den bhliain (féach an chuid sna Nótaí maidir le leanbh a rugadh i rith na bliana) agus dearbhaím go bhfuil sonraí uile ar an bhfoirm seo ceart ar feadh m'eolais agus mo thuairime. Geallaimse na Coimisinéirí loncaim a chur ar an eolas láithreach faoi athrú ar bith i mo chúinsí a bheadh tionchar aige ar mo theidlíocht ar an gcreidmheas seo.

Síniú

Dáta

R-Phost

Guthán

Pionóis

Tá foráil sa dlí cánach le pionóis a ghearradh orthu siúd a dhéanann ráiteas bréagach nó a dhéanann éileamh ar chreidmheasanna cánach nó ar fhaoisimh nach bhfuil dlite.

Nótaí

Céard é an Creidmheas Cúramóra Linbh do Dhuine Singil (CCLDS)?

Is creidmheas cánach é seo atá ar fáil do thuismitheoir singil, nó do dhuine singil a bhfuil freagracht laethúil orthu as tógáil an linbh, agus freagracht as cúram a thabhairt don leanbh. Tá sé ar fáil do chúramóir príomha leanaí cáilitheacha agus féadtar daoine a áireamh atá singil, ar baintreacha iad, ar pháirtneirí sibhialta marthanacha iad, a tréigeadh, atá scartha (ó chéile nó ó pháirtneir sibhialta), atá colscartha nó a bhfuil a bpáirtneireacht shibhialta ar ceal.

Ní bheidh teideal ag éilitheoir ach ar chreidmheas cánach amháin in aon bhliain amháin is cuma cé mhéad leanaí cáilitheacha a chónaíonn leis an éilitheoir sa bhliain sin.

Tuilleadh eolais ar fáil ar www.revenue.ie

Cén chaoi a gcáilím mar éilitheoir príomha?

Féadfaidh tú cáiliú le haghaidh an CCLDS in aon bhliain chánach más rud é:

- nach bhfuil tú pósta, ag comhchónaí nó i bpáirtneireacht shibhialta,
- nach bhfuil tú ar bhonn cóimheasúnaithe, nó nach bhfuil tú ag fáil an chreidmheasa cánach pearsanta bunúsach le haghaidh baintrí nó páirtneir sibhialta marthanach, agus
- más féidir leat a chruthú, le haghaidh na bliana cánach, go bhfuil leanbh cáilitheach ag cónaí leat ar feadh na bliana uile nó don chuid is mó den bhliain sin (is é sin, os cionn sé mhí).

Má cháilíonn tú mar éilitheoir príomha, ach mura mian leat an creidmheas a éileamh, (mar shampla mura bhfuil do dhóthain ioncaim incháinithe agat chun an creidmheas iomlán a úsáid), féadfaidh tú an creidmheas a ghéilleadh i bhfábhar duine eile, ('an t-éilitheoir tánaisteach'), a bhfuil ról sun-tasach ag an duine sin cúram a thabhairt don leanbh.

Más rud é gur tháinig an leanbh ar an saol le linn bhliain an éilimh, laghdófar an fad ama ar bhonn pro-rata.

Céard atá i gceist le leanbh cáilitheach?

Ciallaíonn leanbh cáilitheach, i ndáil le haon phríomhéilitheoir agus le haon bhliain mheasúnachta, leanbh -

- a bheirtear sa bhliain chánach, nó
- atá faoi 18 mbliana d'aois ag tús na bliana cánach, nó
- atá os cionn 18 mbliana d'aois ag tús na bliana cánach ach atá ag fáil teagaisc lánaimseartha, nó
- atá os cionn 18 mbliana d'aois ag tús na bliana cánach ach atá faoi éagumas buan agus gur tharla an t-éagumas roimh aois 21 bliain nó, má tharla an t-éagumas tar éis 21 bliain, gur tharla sé nuair a bhí sé nó sí ag fáil teagaisc lánaimseartha.

Caithfidh an leanbh cáilitheach a bheith -

- mar leanbh an duine aonair féin, nó
- ina leanbh atá faoi chúram an duine aonair agus atá á c(h)othabháil ag an duine aonair sin ar a c(h)ostas féin don bhliain ar fad nó don chuid is mó di.

Nóta: Ní chuimsíonn oideachas ná teagasc lánaimseartha cúrsaí iarchéime sa chás seo. Caithfidh an t-ionad oideachais léachtóirí agus ranganna teagaisc a chur ar fáil ar a gcaitheann an mac léinn freastal go lánaimseartha (ar feadh bliain amháin ar a laghad) seachas clár páirtaimseartha nó tráthnóna.

Caithfear le printíseachtaí lánaimseartha ar a laghad de dhá bhliain mar theagasc lánaimseartha ag ionad oideachais.

I ngach cás go bhfuil an leanbh cáilitheach 18 mbliana d'aois nó os cionn, **ní mór** éileamh bliantúil a dhéanamh.

Scaradh le hÉileamh

Is féidir leis an bpríomhéilitheoir scaradh lena a t(h)eidlíocht ar an gcreidmheas cánach seo i bhfabhar éilitheora thánaistigh más mian leis nó léi. Caithfidh an t-éilitheoir tánaisteach na riachtanais chéanna leis an bpríomhéilitheoir a shásamh, seachas fad na tréimhse a gcaithfidh an leanbh bheith ina c(h)ónaí in éineacht leis nó léi. I gcás an éilitheora thánaistigh, caithfidh an leanbh bheith ina c(h)ónaí in éineacht leis nó léi ar feadh tréimhse nach lú ná **100 lá** sa bhliain chánach chun a bheith ina theideal. Is cóir duit a thabhairt do d'aire go ndéantar an chuid is mó de lá a áireamh mar lá iomlán agus, dá bhrí sin, i gcásanna ina gcónaíonn leanbh in éineacht le héilitheoir ar feadh tréimhse, mar shampla, ó mhaidin Sathairn go dtí tráthnóna Domhnaigh, go ndéanfar é seo a áireamh mar dhá lá iomlán. I gcás linbh a rugadh i rith bhliain an éilimh, ní laghdófar líon na laethanta cáilitheacha (maidir leis an éilitheoir tánaisteach) ar bhonn pro-rata.

Má tá tú ag géilleadh do theidlíochta ar an gcreidmheas seo i bhfabhar duine cáilitheach amháin nó níos mó, tabhair na sonraí ar fad ar leathanach ar leith. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo ach amháin sa chás go bhfuil beirt leanaí cáilitheacha nó níos mó agat.

Nuair a scarann tú le do theidlíocht ar an gcreidmheas cánach seo agus nuair a éilíonn an t-éilitheoir tánaisteach é, beidh sé nó sí i dteideal éileamh a dhéanamh air go dtí go gcuireann tú an scaradh ar ceal. Beidh feidhm aige seo ní luaithe ná 1 Eanáir na bhliain tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim do chealú a fháil.

Nóta 1: Ní féidir an creidmheas cánach seo a chionroinnt.

Nóta 2: Ní mór don éilitheoir tánaisteach a (h)éileamh féin a dhéanamh ar an gcreidmheas cánach seo ach foirm éilimh **SPCC2** a chomhlánú.

Cé na codanna is cóir dom a chomhlánú?

Ní mór duitse, mar an phríomhéilitheoir, **Cuid A** den fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine agus an Dearbhú i **gCuid C** a shíniú le deimhniú go bhfuil an t-eolas a thugtar ceart. Sa chás go bhfuil tú ag scaradh le do theidlíocht ar an gcreidmheas cánach seo ní mór duit **Cuid B** a chomhlánú freisin.

UPSP agus Dáta Breithe an Éilitheora Tánaistigh (más bainteach)

Má tá sé seo ar eolas agat, cuir isteach sa bhosca i **gCuid B** í.

Cé chuige a seolfaidh mé an fhoirm seo?

Tar éis duit codanna bainteacha uile na foirme seo a chomhlánú, is cóir duit í a chur chuig d'oifig Cánach. Úsáid aon chlúdach litreach agus scríobh 'SAORPHOST' os cionn an tseolta. Tá seoladh na hoifige seo luaite ar aon chomhfhreagras a fhaigheann tú ó na Coimisinéirí Ioncaim nó féadann tú UPSP a chur isteach inár naimsitheoir teagmhála ar www.revenue.ie agus taispeánfar duit ainm, seoladh agus sonraí teagmhála na hoifige.

Teorainn Ama le haghaidh Éileamh Aisíoca

Ní mór éileamh ar aisíoc cánach a dhéanamh laistigh de cheithre bliana i ndiaidh dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an t-éileamh. Mar shampla ní mór éileamh don bhliain 2019 a dhéanamh faoi 31 Nollaig 2023. Bí ar an eolas gur gá gur íoc tú cáin ioncaim i rith bhliain d'éilimh chun aisíocaíocht a fháil. Má tá cáin ioncaim dlite agat leis na Coimisinéirí maidir le bliain roimhe, laghdófar d'aisíocaíocht faoin mhéid sin.

Ós rud é go bhféadfaí d'éileamh a roghnú lena iniúchadh amach anseo, iarrtar ort gach doiciméad a bhaineann leis an éileamh seo a choinneáil ar feadh tréimhse sé bliana i ndiaidh dheireadh na bliana lena mbaineann an t-éileamh.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánaacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar www.revenue.ie.